

## Clár

- |     |  |   |
|-----|--|---|
| 1.  | Cad é cuspóir an Chomhaontaithe?   | 3 |
| 2.  | Cé a chlúdaítear faoin gComhaontú seo?   | 3 |
| 3.  | Cén íocaíochtaí a chlúdaítear faoin gComhaontú?  | 4 |
| 4.  | Cén tír a bhfuil ranníocaíochtaí slándála sóisialaí dlite di ?   | 5 |
| 5.  | An féidir liom aisíocaíocht a fháil ar mo ranníocaíochtaí pinsin Cóiréacha nuair a fhágfaidh mé an Chóiré? | 6 |
| 6.  | Conas is féidir liomsa tairbhe a bhaint as an gComhaontú?  | 6 |
| 7.  | An n-imríonn an Comhaontú tionchar ar íocaíochtaí a d'fhéadfainnse a fháil ó thíortha eile?                | 8 |
| 8.  | An féidir liom aon sochair bhreise a fháil má tá pinsean Éireannach agam?                                  | 8 |
| 9.  | Conas a fhaighim m'íocaíocht?  | 9 |
| 10. | Cén áit a ndéantar iarratas nó ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?                                      | 9 |

Eanáir 2009

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló.



# Comhaontú Slándála Sóisialaí idir Éire agus an Chóiré

Is treoir achomair í an leabhrán seo maidir leis an gComhaontú Slándála Sóisialaí idir Éirinn agus an Chóiré a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2009.

## 1. Cad é cuspoir an Chomhaontaithe?

Is é príomhchuspóir an Chomhaontaithe chun cearta pinsin na ndaoine a chosaint a d'oibrigh agus a d'íoc ranníocaíochtaí inríofa slándála sóisialaí in Éirinn agus sa Chóiré. Ceadáíonn an Comhaontú do na daoine sin tréimhse na ranníocaíochtaí i ngach áit a chur le chéile, más gá, chun cháiliú d'íocaíocht slándála sóisialaí faoi dhlí na hÉireann nó na Cóiré.

Pléann an Comhaontú chomh maith, le stádas slándála sóisialaí oibrithe a chuirtear ag obair go sealadach ó Éirinn chuig an gCóiré, agus a mhalairt.

## 2. Cé a chlúdaítear faoin gComhaontú seo?

Clúdaíonn an Comhaontú iad siúd a bhfuil ranníocaíochtaí inríofa árachais shóisialta íoctha acu in Éirinn agus a bhfuil ranníocaíochtaí Seirbhíse Pinsean íoctha acu sa Chóiré. Féadfar íocaíochtaí agus liúntais leasa shóisialaigh ón gComhaontú a íoc le do chleithiúnaithe chomh maith.

### 3. Cén íocaíochtaí a chlúdaítear faoin gComhaontú?

Is iad seo a leanas na híocaíochtaí in Éirinn a chlúdaítear faoin gComhaontú:

- Pinsean Stáit (Ranníocach) (iníochta ag aois 66)
- Pinsean Stáit (Eatramhach) (iníochta idir aois 65 agus aois 66)
- Pinsean Baintrí nó Baintrí Fir (Ranníocach)
- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)
- Deontas Méala
- An Pinsean Easláine

Agus sa Chóiré

- Pinsean Seanaoise
- Pinsean Míchumais
- Pinsean Marthanóra

Chun a thuilleadh eolais a fháil, nó chun éileamh a dhéanamh ar cheann de na híocaíochtaí sin, féach an seoladh Cóiréach, le do thoil, ar leathanach 11.

## 4. Cén tír a bhfuil ranníocaíochtaí slándála sóisialaí dlite di?

Is í an rialail ghinearálta go n-íocann tú ranníocaíochtaí slándála sóisialaí sa tír ina n-oibríonn tú. Dá bhrí sin, má théann tú chuig an gChóiré chun obair ann go buan, beidh tú faoi réir dhlí slándála sóisialaí na Cóiré de ghnáth. Ar an gcuma chéanna, má thagann tú chun na hÉireann chun obair ann go buan, beidh tú faoi réir dhlí slándála sóisialaí na hÉireann de ghnáth agus íocfaidh tú ranníocaíochta Árachais Shóisialta Phá-Choibhneasta (ÁSPC) anseo a d'fhéadfadh thú a cháiliú le ceann de na híocaíochtaí Éireannacha a luaitear i gcuid 3 a fháil.

Luann an Comhaontú, áfach, nach n-íocfaidh tú ranníocaíochtaí ach sa tír ina bhfuil cónaí ort má fhostaítear tú nó má bhíonn tú féinhostaithe sa dá thír.

### **Sannacháin shealadacha**

Má chuireann d'fhostóir Éireannach, a bhfuil a phríomháit ghnó lonnaithe in Éirinn, tú chuig an gCóiré le haghaidh tréimhse shealadach, féadfaidh tú leanúint ar aghaidh ag íoc ranníocaíochtaí árachais shóisialta Éireannaigh don chéad 5 bliana den sannachán sealadach. Bíonn feidhm maidir leis seo cibé an leanann tú ar aghaidh ag obair go díreach do d'fhostóir Éireannach nó d'fhochuideachta nó do chuideachta chleamhaithe. Féadfaidh d'fhostóir iarratas a dhéanamh ar shíneadh ag deireadh na tréimhse seo má bhíonn a thuilleadh ama ag teastáil chun an obair a chríochnú.

Ar an gcuma chéanna, má chuireann fóstóir Cóiréach duine ar shannachán sealadach chun dul ag obair in Éirinn, leanfaidh siad ar aghaidh ag íoc a ranníocaíochtaí Cóiréacha agus díolmhófar iad ó íoc na ranníocaíochtaí árachais shóisialta Éireannaigh (ÁSPC), a bheadh iníoctha seachas sin, ar feadh tréimhse 5 bliana.

Má théann an sannachán ar aghaidh níos faide ná 5 bliana, féadfaidh an duine leanúint ar aghaidh ag íoc ranníocaíochtaí

Cóiréacha i gcoinníollacha eisceachtúla agus le comhaontú ó údaráis na Cóiré agus na hÉireann.

Más mian leat a thuilleadh eolais a fháil, féach leathanach 11 chun mionsonraí a fháil ar cén áit ar chóir teagmháil a dhéanamh leis.

## 5. An feidir liom aisíocaíocht a fháil ar mo ranníocaíochtaí pinsin Cóiréacha nuair a fhágfaidh mé an Chóiré?

Ní féidir. Is í an fheidhm a bhaineann leis an gcomhaontú go gcoimeádtar luach na ranníocaíochtaí seo duitse, fiú má fhágann tú an Chóiré. Mar shampla, d'áireofaí iad mar ranníocaíochta Éireannacha agus bheidís go háirithe tábhachtach dá mbeadh ort pinsean easláine nó pinsean baintrí a éileamh laistigh de roinnt blianta díot filleadh ar Éirinn. Ar an gcuma chéanna, mura mbeadh dóthain ranníocaíochtaí Éireannacha agat le haghaidh pinsean Stáit agus aois inphinsin á sroicheadh agat, chuirfí do ranníocaíochtaí Cóiréacha le do ranníocaíochtaí Éireannacha chun na críche sin.

## 6. Conas is féidir liomsa tairbhe a bhaint as an gComhaontú?

Féadfaidh tú cáiliú le haghaidh pinsin faoi théarmaí an Chomhaontaithe, mura bhfuil dóthain ranníocaíochtaí Éireannacha agat le cáiliú le haghaidh pinsean Éireannach nó mura bhfuil dóthain ranníocaíochtaí Cóiréacha agat le cáiliú ar phinsean Cóiréach.

Féadfaidh tú cáiliú faoin gComhaontú le haghaidh pinsean

pro rata Éireannach bunaithe ar do ranníocaíochtaí comhbhailithe Éireannacha agus Cóiréacha, ar an gcoinníoll go bhfuil 52 ranníocaíocht ÁSPC Éireannach íoctha nó curtha chun sochair.

Féadfaidh tú cáiliú le haghaidh pinsean pro rata Cóiréach chomh maith ar an gcoinníoll go bhfuil 12 mí de ranníocaíochtaí ar a laghad íoctha agat faoi reachtaíocht na Cóiré.

Is féidir le duine cáiliú le haghaidh íocaíochta ón dá thír ag an am céanna.

Úsáidimid an fhoirmle seo a leanas chun ráta an phinsin pro rata atá iníoctha ó Éirinn a ríomh.

Líon iomlán na Ranníocaíochtaí Éireannacha iolraithe faoi

Mhéid an phinsin a bheadh dlite dá mbeadh na ranníocaíochtaí go léir déanta in Éirinn. É sin a roinnt faoi líon na ranníocaíochtaí comhbhailithe in Éirinn agus sa Chóiré.

## Sampla

Dá mbeadh 5 bliana ranníocaíochtaí inríofa ÁSPC Éireannacha déanta agat chomh maith le 20 bliain ranníocaíochtaí Cóiréacha, gheofá 1/5ú de phinsean Ranníocach Stáit na hÉireann a bheadh iníoctha dá mba ranníocaíochtaí Éireannacha iad na ranníocaíochtaí go léir a rinneadh ar feadh na tréimhse 25 bliain.

Bunaítear an ríomh thuas ar an ráta cuí pearsanta pinsin, lena n-áirítear méadú do Dhuine Fásta Cáilithe (má bhaineann), méaduithe do leanaí cáilithe, an Liúntas Os Cionn 80 Bliain d'aois, agus Maireachtála Aonair atá iníoctha go hiomlán.

Íoctar Teidlíochtaí don Deontas Méala agus Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach) go hiomlán.

## 7. An n-imríonn an Comhaontú tionchar ar íocaíochtaí a d'fhéadfainnse a fháil ó thíortha eile?

Ní imríonn. Féadfaidh tú cáiliú le haghaidh íocaíochta faoin gComhaontú seo agus íocaíocht a éileamh fós ó Stát eile AE faoi Rialacháin an AE um Shlándaíl Shóisialach. Ciallaíonn sé sin go bhféadfá cáiliú le haghaidh pinsin ó Stát eile AE agus le haghaidh pinsin faoin gComhaontú seo.

Ní féidir leat dhá phinsean Éireannacha a éileamh, áfach, mar shampla, má cháilíonn tú le haghaidh pinsin bunaithe ar thaifead ranníocaíochtaí comhbhailithe faoin gComhaontú seo agus ceann eile bunaithe ar thaifead ranníocaíochtaí comhbhailithe le Stát eile AE faoi Rialacháin CE, ach ina ionad sin, gheobhaidh tú cibé pinsean Éireannach is mó.

## 8. An féidir liom aon sochair bhreise a fháil má tá pinsean Éireannach agam?

Má tá cónaí ort in Éirinn agus má fhaigheann tú pinsean leasa shóisialaigh ó Éirinn nó ón Chóiré, féadfaidh tú cáiliú le haghaidh sochair saor in aisce faoi chóras slándála sóisialaí na hÉireann, faoi réir na ngnáthchoinníollacha.

Is iad seo a leanas na scéimeanna:

- Pacáiste Sochar Teaghlaigh (Liúntas Leictreachais/Gáis, Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce agus Liúntas Teileafóin),
- Liúntas Breosla (ó dheireadh mhí Mheán Fómhair go dtí mí na Bealtaine), agus
- Saorthaisteal.

Logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) chun a thuilleadh eolais a fháil.



## 9. Conas a fhaighim m'íocaíocht?

### **Má tá cónaí ort in Éirinn:**

Má cháilíonn tú, féadfaidh tú íocaíocht Éireannach a fháil:

- ag oifig an phoist a roghnaigh tú, nó
- Díreach isteach i do chuntas reatha nó cuntas taisece (ní cuntas morgáiste) ag institiúid airgeadais nó Cuntas Coigilteas de chuid An Post.
- Má cháilíonn tú le haghaidh Pinsean Easláinte agus má fhaigheann tú íocaíocht ag oifig an phoist agus Aistriú Faisnéise Leictreonaí (EIT) á úsáid, féadfaidh tú leas a bhaint chomh maith as an tSeirbhís Buiséid Teaghlaigh.

### **Má tá cónaí ort sa Chóiré:**

Má cháilíonn tú le haghaidh pinsean Éireannach, gheobhaidh tú íocaíocht le seic, mura n-iarrann tú ar íocaíocht dhíreach chuig institiúid airgeadais Éireannach.

### **Má chónaíonn tú i dtír éigin eile:**

Féadfaidh tú do phinsean a fháil trí íocaíocht dhíreach chuig institiúid airgeadais ar bith laistigh den Stát nó lasmuigh de. Déanfar an íocaíocht in airgeadra na tíre a bhfuil cuntas agat inti agus déanfar gach ceithre seachtaine í – seachtain amháin réamhíochta agus trí seachtainí i riaráiste.

## 10. Cén áit a ndéantar iarratas nó ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má shíleann tú go mb'fhéidir go mbeifeá incháilithe le haghaidh íocaíochta faoin gComhaontú, déan teagmháil le d'oifig áitiúil leasa shóisialaigh sa tír ina bhfuil cónaí ort.

Chun mionsonraí a fháil faoi rátaí íocaíochta agus faoi ranníocaíochtaí inríofa Éireannacha, féach an leabhrán SW19 “Rátaí Íocaíochta Leasa Shóisialaigh” a leagann béim ar gach aicme árachais shóisialta Éireannaigh (ÁSPC) chomh maith

leis na sochair a mbeifeá i dteideal dóibh faoi gach ceann acu.

Logáil iseach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) chun a thuilleadh eolais a fháil.

### **In Éirinn is féidir leat a thuilleadh eolais a fháil:**

**Faoin bPinsean Stáit, Pinsean Baintrí/Baintrí Fir, nó  
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach), déan teagmháil le:**

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh  
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh  
Bóthar an Choláiste  
Sligeach

Teileafón Íosghlao: 1890 500 000

**Nóta**  
**D'fhéadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí  
éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890  
(Íosghlao).**

**Chun faisnéis a fháil faoi Phinsin Easláine, déan teagmháil leis:**

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh,  
An Rannóg Pinsean Easláine  
Bóthar Bhéal Átha na Lao  
An Longfort

Teileafón Íosghlao: 1890 92 77 70  
(ó Phoblacht na hÉireann amháin)

Chun faisnéis a fháil faoin **Deontas Méala**, déan teagmháil le Seirbhísí Leasa Shóisialaigh i Sligeach más rud é go raibh pinsean á íoc ón áit sin. I ngach cás eile, déan teagmháil leis:

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh,  
An Rannóg Deontas Méala  
Bóthar Bhéal Átha na Lao  
An Longfort

Teileafón Íosghlao: 1890 92 77 70  
(ó Phoblacht na hÉireann amháin)

Chun a thuilleadh faisnéise a fháil faoi **Shannacháin Shealadacha** déan teagmháil leis:

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh  
Bailiúcháin Speisialta ÁSPC  
Bóthar Chorcaí  
Port Láirge

Teil. (051) 356000

Má tá glaoch á dhéanamh ó áit lasmuigh d'Éirinn, diailigh an cód rochtana idirnáisiúnta, ansin an cód tíre 353, agus fág an 0 amach ón gcód limistéir a léirítear sna huimhreacha thuas.

**Sa Chóiré, déan teagmháil le:**

National Pension Service  
7-16 Shincheon-dong  
Songpa-gu  
Seoul

Teileafón (má tá cónaí ort in Éirinn) 0082 2 397 9622

Teileafón (má tá cónaí ort sa Chóiré): (02) 397 9622

Láithreán Gréasáin: [www.nps.or.kr/](http://www.nps.or.kr/)

**Nóta**  
**D'fhéadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).**